# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

27 Feabhra 2014 go dtí 31 Nollaig 2014

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

**RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA**

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

**na tréimhse ón 27 Feabhra 2014 go dtí**

**an 31 Nollaig 2014**

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

# TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

**Clár** **Ábhair**


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 1 |
| Tuarascáil an Rialálaí | 2 - 4 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 5 - 6 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais | 7 |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 8 |
| Ráitis Airgeadais | 9 - 17 |

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

## EOLAS GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** | Liam Sloyan |
| **Seoladh** | Bloc D<br>Ionad Irish Life<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | AIB cpt.<br>40/41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Dlíodóirí** | Mason Hayes & Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4<br><br>Byrne Wallace<br>87/88 Sráid Fhearchair<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

---

## TUARASCÁIL AN RIALÁLAÍ
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

---

I gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, tá áthas orm an chéad Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don tréimhse ón 27 Feabhra 2014, dáta a bhunaithe, go dtí an 31 Nollaig 2014 a chur i láthair.

**An tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil**
Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 ar an 27 Feabhra 2014, dáta Ordú um Thosach Feidhme a bhunaithe. Ba é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíon feidhmeanna an Rialálaí ó dháta a bhunaithe go dtí 17 Samhain 2014, an dáta ar a ceapadh an chéad Rialálaí. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas le linn na tréimhse inar fheidhmigh an tAire mar Rialálaí.

**Feidhmeanna an Rialálaí**
Tá cuntas san Acht ar fheidhmeanna an Rialálaí agus áirítear na nithe seo a leanas ann:

- Reáchtáil an Chrannchuir Náisiúnta a sholáthar
- Faireachán a dhéanamh ar oibríocht an Chrannchuir Náisiúnta agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an cheadúnais é a oibriú agus a thabhairt go ndéanfaidh siad iad a chomhlíonadh.
- Breithniú ar nithe áirithe a fhormheas a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta (lena n-áirítear scéimeanna le haghaidh cluichí Crannchuir Náisiúnta)
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.

Tá na sonraí iomlána le fáil san Acht.
Tá na feidhmeanna seo le comhlíonadh ag an Rialálaí ar bhealach ar dócha go gcinnteofar -

a) go reáchtálfar go cuí an Crannchur Náisiúnta,
b) go gcosnófar leasanna rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta
c) go slánófar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Chrannchuir Náisiúnta, agus

faoi réir a) agus c), a chinntiú go mbeidh a oiread ioncaim agus is féidir á dháileadh ar an gCiste Lárnach le híoc amach chun na críocha a cheadaítear faoin Acht, faoi réir théarmaí an cheadúnais.

**Cuspóirí agus gníomhaíochtaí go dtí an 31 Nollaig 2014**
Nuair a ceapadh mé, bhain mo phríomhchuspóirí, do na sé seachtaine a bhí fágtha den bhliain féilire le bunú oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, aistriú na bhfeidhmeanna rialála go dtí mé, aistriú an Chrannchuir Náisiúnta (Premier Lotteries Ireland) ó Chuideachta Crannchuir Náisiúnta an Phoist go dtí an t-oibritheoir nua agus le rialáil leanúnach an Chrannchuir Náisiúnta.

***Bunú oifig Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta***
<u>Straitéis</u>
Tagann Fís, Misean agus Luachanna Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta as an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, agus as luachanna na hearnála poiblí mar a leagtar amach anseo iad:

*Fís*
Crannchur atá sábháilte, inbhuanaitheach agus a ritear i gceart ar mhaithe leis an ioncam a thugtar ar son dea-chúiseanna a uasmhéadú.

*Misean*
Tá sé d'aidhm againn ár bhfís a fhíorú ach:

1. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
2. An Chrannchuir Náisiúnta a fhaire agus a oibriú.
3. Comhlíonadh na reachtaíochta agus an cheadúnais a fhorghníomhú.
4. Oifig Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú.

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

---

## TUARASCÁIL AN RIALÁLAÍ
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

---

*Luachanna*
Is iad ár luachanna agus sinn i mbun na hoibre seo ná:
1. Neamhspleáchas
2. Ionrachas
3. Oscailteacht
4. Saineolas
5. Dea-rialú

Foireann agus acmhainní
Thar théarma fiche bliain de cheadúnas reatha an Chrannchuir Náisiúnta a oibriú, gheobhaidh oifig an Rialálaí maoiniú ó thobhach €1.5m in aghaidh na bliana, innéacsaithe leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Tá an tobhach seo iníoctha ag oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta.
Tá cead faighte ag an Rialálaí le haghaidh naonúr baill foirne, agus níor ceapadh aon duine in 2014.

Cóiríocht
Rinne an Rialálaí cuardach le haghaidh cóiríochta san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Cinneadh gurb é Bloc D in Ionad Irish Life ar Shráid na Mainistreach, atá ar léas faoi láthair ag an Roinn Sláinte go dtí 2023, an chóiríocht is oiriúnaí. Bhí an chóiríocht ar fáil ón 1 Feabhra 2015, é ullamh do thionónta, rud a chuir ar chumas an Rialálaí bogadh isteach ar an dáta sin. Go dtí 1 Feabhra 2015, bhí an Rialálaí lonnaithe in oifigí na Roinne Sláinte.

***Aistriú na bhfeidhmeanna rialála go dtí oifig Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta.***

Chun feidhmeanna rialála a aistriú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go dtí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba ghá go mbunódh an Rialálaí córais agus rialuithe oiriúnacha agus go bhfaigheadh sé acmhainní leordhóthanacha lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá réir sin, le linn chéim a bhunaithe, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cabhair don Rialálaí.
I rith na tréimhse ar fad a chlúdaítear sa tuarascáil seo, lean an Rialálaí de na próisis agus na rialuithe riachtanacha a bhunú agus de na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun go mbeifear in ann an t-aistriú a chríochnú go luath in 2015.

***An t-aistriú go hoibritheoir nua an Chrannchuir Náisiúnta***

Ar an 27 Feabhra 2014, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ceadúnas nua an Crannchur Náisiúnta a oibriú do Premier Lotteries Ireland. Bronnadh an ceadúnas fiche bliain, tar éis do chomórtas a bhí ar siúl idir Bealtaine agus Deireadh Fómhair 2013. Bronnadh an duais i gcomhréir leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Ar 30 Samhain 2014, tháinig Premier Lotteries Ireland in áit Chuideachta Crannchuir Náisiúnta an Phoist mar oibritheoirí an Chrannchuir Náisiúnta, faoi fhaireachas Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

## TUARASCÁIL AN RIALÁLAÍ
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

***Rialú an Chrannchuir Náisiúnta***

Iarratais ar scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir a fhaomhadh faoi Alt 45 den Acht

Bhunaigh an Rialálaí teimpléad leis an oibritheoir le haghaidh iarratais ar fhaomhadh a chur isteach faoi Alt 45 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Leis an teimpléad chaithfí na nithe seo a leanas a chur leis na hiarratais:

1. Téarmaí an iarratais
2. Cúiseanna leis an iarratas
3. An bonn ar a meastar go bhfuil an t-iarratas comhlíontach
4. Anailís ar an dea-thoradh a mbeifear ag súil leis má ghéilltear don iarratas.
5. Anailís ar na rioscaí a bhaineann le baint amach chuspóirí reachtúla an Rialálaí, na nithe seo a leanas go sonrach:
    a. Cosaint imreoirí
    b. Iompar cuí
    c. Inbhuanaitheacht, lena n-áirítear machnamh ar an tionchar a bheidh ar dhea-cháil an Chrannchuir Náisiúnta.

Le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo fuair an Rialálaí dhá iarratas ar fhaomhadh faoi Alt 45 den Acht. Rinne an Rialálaí na hiarratais seo a mheasúnú agus chuaigh i dteagmháil leis an oibritheoir fúthu. Faomhadh ceann amháin de na hiarratais seo agus tógadh siar ar deireadh an ceann eile.

Oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a rialú

Bunaíodh teimpléad le haghaidh tuairisceáin sheachtainiúla a chur faoi bhráid an Rialálaí maidir le feidhmíocht airgeadais gach cluiche. Fuarthas trí thuairisceán dá leithéid agus rinneadh anailís orthu le linn na tréimhse.

Bhí an Rialálaí i dteagmháil ghníomhach leis an oibritheoir freisin agus bhuail leis an mbainistíocht shinsearach ar fad le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tUasal Brendan Howlin T.D. agus lena oifigigh sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as an gcúnamh agus as an tacaíocht a thug siad i mbunú oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus san aistriú feidhmeanna go dtí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Liam Sloyan

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

**Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don tréimhse ó dháta bunaithe na hoifige (an 27 Feabhra 2014) go dtí an 31 Nollaig 2014 de réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Tá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas ioncaim agus brabúis choinnithe, an clár comhardaithe, an ráiteas sreafaí airgid, agus na nótaí bainteacha, lena n-áirítear na polasaithe cuntasaíochta. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 22 den Acht, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

**Freagrachtaí an Rialálaí**

Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach, cóir ar staid ghnóthaí an Rialálaí agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

**Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus faoi na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais d'fhonn ráthaíocht réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu is calaois nó botún ba chúis leis an míshonrú sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu a bhí nó nach raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chás an Rialálaí, a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus a nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim Tuarascáil an Rialálaí le sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis na Ráitis Airgeadais arna n-iniúchadh. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanaim na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn, léargas fírinneach, cóir ar ioncam agus caiteachas an Rialálaí don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus ar staid ghnóthaí an Rialálaí amhail ar an dáta sin.

I mo thuairimse, choimeád an Rialálaí leabhair iomchuí chuntas. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

**Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta**

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil an Rialálaí ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an Rialálaí, nó
- go dtugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndeamadh gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam ar na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

**Séamus Mac Cárthaigh,**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,**
**Nollaig 2015**

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Fágadh an leathanach seo bán d’aon ghnó.

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

# RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Aithním gur mise atá freagrach as córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir le córas rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go slánófar sócmhainní, do ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart agus go gcoiscfear aon earráidí nó aon mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

**Timpeallacht rialaithe**

Tógadh na céimeanna seo a leanas lena chinntiú go mbeidh timpeallacht chuí rialaithe ann:

Toisc gur eagraíocht chomh mór sin í, thug an Rialálaí gnólacht seachtrach cuntasaíochta isteach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus a fhaire dó, agus chun taifead míosúil airgeadais a dhéanamh agus meicníocht tuairiscithe a oibriú ar bhainistíocht na gcuntas i gcoitinne, lena n-áirítear buiséid. Tá córas bogearraí cuntasaíochta curtha i bhfeidhm ag an Rialálaí chun taifead agus réiteach gach idirbheart a éascú agus chun rian iomlán iniúchta ar na hidirbhearta a próiseáladh a sholáthar.

Is faoin Rialálaí é cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas.

Ghlac an Rialálaí Cód Dea-Cleachtais le haghaidh rialachas oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá bunaithe ar Chód Dea-Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2009).

Dearbhaím go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain 2014.

Liam Sloyan

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

## RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN RIALÁLAÍ

Faoi Alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, ní mór don Rialálaí ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm inar féidir leis an Aire iad a fhaomhadh le go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a iniúchadh.

Tá an Rialálaí freagrach as gnáthchuntais chearta a choimeád san fhoirm sin atá arna faomhadh ag an Aire, mar is féidir leis an Aire a ordú i gcomhréir le hAlt 22. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an Rialálaí:

- Roghnaíonn sé beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus cuireann i bhfeidhm ar bhonn leanúnach iad;
- Déanann sé breithnithe agus measúnaithe atá réasúnta agus stuama;
- Deir sé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh san ráitis airgeadais;
- Ullmhaíonn sé na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag feidhmiú.

Tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Ina dhiaidh sin tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a thabhairt don Aire, mar aon le tuarascáil ón Rialálaí maidir lena fheidhmíocht féin i mbun a chuid cúraimí.

Liam Sloyan

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

## RÁITEAS IONCAIM AGUS TUILLEAMH CHOIMEÁDTA
*don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | Tréimhse an 27 Feabhra 2014 go an 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 131,507 |
| Costais Riaracháin | 4 | (24,293) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 107,214 |
| Ús infhaighte | | - |
| **Barrachas don tréimhse** | | **107,214** |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán / tuillimh choimeádta** | | **107,214** |

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 13.

# RIALÁLAÍ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

## CLÁR COMHARDAITHE
*Amhail ar an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 7 | 980 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Féichiúnaithe | 8 | 131,507 |
| **Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)** | | |
| Creidiúnaithe agus fabhraithe | 9 | (25,273) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 106,234 |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS REATHA** | | 107,214 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **107,214** |
| **ARB IONANNAS DÓ** | | |
| Tuillimh choimeádta charntha | 11 | **107,214** |

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 13.

# RÁITEAS SREAFAÍ AIRGID

*don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | Tréimhse an 27 Feabhra 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | | € |
| **Réiteach barrachas oibriúcháin le hinsreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas oibriúcháin don tréimhse | | 107,214 |
| Dímheas | 7 | 28 |
| Méadú ar Fhéichiúnaithe | | (131,507) |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | | 25,273 |
| Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 1,008 |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus ar Sheirbhísiú Airgeadais** | | |
| Ús Faighte | | - |
| **Caiteachas Glan Caipitiúil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | 7 | (1,008) |
| **Méadú/laghdú ar airgead** | | - |
| **Airgead agus coibhéis airgid ag deireadh na tréimhse airgeadais** | | - |

**Liam Sloyan**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

**An 21 Nollaig 2015**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 13.

# NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

## 1. Beartais Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha cuntasaíochta a glacadh sna ráitis airgeadais seo:

**Tréimhse chuntasaíochta**
Tugtar na ráitis airgeadais don tréimhse ón 27 Feabhra 2014, dáta bhunú oifig Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta, go dtí an 31 Nollaig 2014 Féach nóta 2 thíos maidir le Bunú na hoifige.

**Bunús Cuntasaíochta**
Mar a cheadaítear faoi FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann", cuireadh FRS 102 i bhfeidhm go luath in ullmhú agus i gcur i láthair na gcéad ráitis airgeadais seo ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Ní raibh aon imeacht ábhartha ón gcaighdeán.
Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe i gcomhréir leis na prionsabail is inghlactha de ghnáth agus faoi coinbhinsiún an chostais stairiúil.

**Ioncam Tobhaigh**
Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid is infhaighte ag an Rialálaí faoin gceadúnas ó oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta don tréimhse.

**Aitheantas Caiteachais**
Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir mar a thabhaítear é.

**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh:**
Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a mhuirearaítear ar an Ráiteas Ioncaim, chun costas na sócmhainní thar shaolré ionchais eacnamaíoch a dhíscríobh, faoi mhodh an mhéid chothroim, ag an ráta bliantúil $33^{1}/_{3}\%$ le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus 20% le haghaidh sócmhainní eile ó dháta a bhfaighte.

# NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

**Airgeadraí Eachtracha**

Tugtar na ráitis airgeadais in euro (€).

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha a chomhshó go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Ráiteas Ioncaim don tréimhse.

Déantar sócmhainní agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí eachtracha a chomhshó go euro ag na rátaí malairte is infheidhme ar dháta an chláir comhardaithe agus áirítear gnóthacháin agus caillteanais a éiríonn as sa Ráiteas Ioncaim don tréimhse.

**Pinsin**

Déantar foráil san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, go bhféadfaidh an Rialálaí, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coinníollacha seirbhíse na foirne a dheimhniú.
Tá socruithe á ndéanamh ag an Rialálaí faoi láthair i leith na bhfostaithe uile, i gcomhpháirt leis an Roinn, agus déanfaidh sé na hasbhaintí is gá ó thuarastail, a choinneoidh an Rialálaí lena n-aistriú go dtí an Roinn sa todhchaí, ach nach n-aithneofar mar ioncam. Tá foráil á déanamh ag an Rialálaí maidir le ranníocaíochta fostóirí i leith socruithe pinsin. Faoi réir chríochnú na socruithe leis an Roinn, tá an Rialálaí den tuairim nach dócha go mbeidh ar oifig an Rialálaí acmhainní ina bhfuil leasa eacnamaíocha (seachas gnáth-ranníocaíochta fostóirí) a aistriú i gcomhair sochair iníoctha leis na baill. Ní dócha go mbeidh riosca achtúireach ná infheistíochta ann d'oifig an Rialálaí.
Is é an beartas cuntasaíochta mar sin maidir le pinsin ná caitheamh mar phlean le ranníocaíocht shainithe i gcomhréir le cuid 28.13 de FRS 102. Feic nóta 10 le haghaidh breis sonraí.

**2. Bunú oifig Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

Bunaíodh oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, atá lonnaithe i mBloc D d'Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1, ar an 27 Feabhra 2014 faoi Alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus glaoitear Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hoifige sin. Ceapadh Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta ar 17 Samhain 2014.
Ba é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíon feidhmeanna an Rialálaí le linn na tréimhse ón 27 Feabhra 2014 go dtí 17 Samhain 2014. Ní raibh aon ioncam ná caiteachas le linn na tréimhse inar fheidhmigh an tAire mar Rialálaí.
Tugtar na ráitis airgeadais don tréimhse ón 27 Feabhra 2014, dáta a bhunaithe, go dtí an 31 Nollaig, agus dá bharr sin ní éiríonn aon mhéideanna comparáideacha.
Tá sonraí maidir le hoibríochtaí agus príomhghníomhaíochtaí an Rialálaí i dTuarascáil an Rialálaí ar leathanach 2.

## NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

### 3. Ioncam

Déantar foráil in Alt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 d'íocaíocht tobhaigh bliantúil ó oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta leis an Rialálaí. Eisíodh ceadúnas an oibritheora ar 30 Samhain 2014 agus baineann an t-ioncam tobhaigh a áirítear sna ráitis airgeadais leis an tréimhse ón dáta eisithe i leith. Is é méid an tobhach, mar a shonraítear i gceadúnas an oibritheora é, ná €1,500,000 in aghaidh na bliana, faoi réir innéacsú leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

| | **2014** |
|---|---|
| | **€** |
| Tobhach Ioncaim don tréimhse | 131,507 |

### 4. Costais Riaracháin

| | **2014** |
|---|---|
| | **€** |
| Tuarastail agus costais foirne (Nóta 5) | 19,192 |
| Comhairliúchán (Nóta 6) | 2,262 |
| Costas ríomhairí agus stáiseanóireachta | 290 |
| Costais ilghnéitheacha * | 21 |
| Iniúchadh | 2,500 |
| Dímheas | 28 |
| | 24,293 |

Caitheadh €náid ar thaisteal thar lear le linn na tréimhse

*Is iad na costais ilghnéitheacha speansais an Rialálaí

### 5. Luach Saothair an Rialálaí

Ceapadh an Rialálaí ar 17 Samhain 2014 agus ba é a thuarastal don tréimhse ná €14,230. Íocadh suim €1,404 i leith Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa fostóirí. Fuair an Rialálaí speansais taistil agus maireachtála de €21 agus €náid le haghaidh speansais eile. Tá teidlíochtaí an Rialálaí i gcomhréir le teidlíochtaí caighdeánacha i múnla de scéim aoisliúntais sochar shainithe na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Rialálaí aon pheorcaisí ná sochair in 2014.

Ba é líon na ndaoine fostaithe in Oifig an Rialálaí (an Rialálaí san áireamh) ar an 31 Nollaig 2014 ná duine amháin.

## NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

### 6. Costais Chomhairliúcháin

| | 2014 € |
|---|---|
| Cuntasaíocht | 1,538 |
| Seirbhísí dlí | 724 |
| | **2,262** |

### 7. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh:

| | Ríomhaire Trealamh € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Breiseanna le linn na tréimhse | 1,008 | 1,008 |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 1,008 | 1,008 |
| **Dímheas** | | |
| Muirear don tréimhse | 28 | 28 |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 28 | 28 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | |
| Ar an 31 Nollaig 2014 | 980 | 980 |

### 8. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2014 € |
|---|---|
| Ioncam Fabhraithe | 131,507 |

## NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

### 9. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)

| | 2014 |
|---|---|
| | € |
| Creidiúnaithe agus fabhraithe trádála | 5,770 |
| Foráil do phinsin (Nóta 10) | 4,354 |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 14,838 |
| Creidiúnaithe éagsúla | 311 |
| | **25,273** |

Is i leith costais tionscnaimh a thabhaigh oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta roimh fáil ioncaim dó, a dlitear an tsuim seo don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aisíocadh ina iomláine an tsuim a bhí dlite don Roinn roimh dheireadh na tréimhse.

### 10. Soláthar do phinsin

Tá an Rialálaí i mbun scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe a dhréachtú. Beidh an scéim bunaithe ar an Múnla Seirbhíse Poiblí agus lorgófar faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar na ranníocaíochtaí carntha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóirí de 25% den phá inphinsin sa tréimhse reatha, a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncaim. Teachtar na ranníocaíochta carntha do chuntas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
Is feidhm dá seirbhís le hoifig an Rialálaí agus dá seirbhís sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí roimhe sin, a bheidh i dteidlíochtaí sochair na bhfostaithe, nuair is cuí. Níl oifig an Rialálaí maoinithe i leith teidlíochtaí sochair dá leithéid. Ní dócha go mbeidh oibleagáid ar oifig an Rialálaí acmhainní ina bhfuil leasa eacnamaíocha (seachas gnáth-ranníocaíochta fostóirí) a aistriú i gcomhair sochar iníoctha leis na baill. Ní dócha go mbeidh riosca achtúireach ná infheistíochta ann d'oifig an Rialálaí.
Ní mheastar, dá bharr sin, feidhm a bheith le riachtanais FRS 102 maidir le pleananna sochar shainithe agus ní mheastar gá a bheith le a thuilleadh nochtuithe.

### 11. Tuillimh Choimeádta Charntha

| | 2014 |
|---|---|
| | € |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Barrachas don tréimhse | 107,214 |
| Airgead coimeádta ag deireadh na tréimhse | 107,214 |

## NÓTAÍ (*ar cuid de na ráitis airgeadais iad*)
***don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014***

**12. Gealltanais Caipitil**

Ní raibh aon ghealltanais i leith caiteachas caipitil ar an 31 Nollaig 2014.

**13. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Nollaig 2015.

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar Chuntas Ciste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Tá sa Chuntas cuntas fáltas agus íocaíochtaí, cúlchiste agus nótaí a bhaineann leis.

**Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**

Tá an Rialálaí freagrach as an gcuntas a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas agus tuairisc a thabhairt air de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Údaráis um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

**Raon an Iniúchta ar an gCuntas**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus faoi na nithe a nochtar sa chuntas d'fhonn ráthaíocht réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu is calaois nó botún ba chúis leis an míshonrú sin. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu a bhí nó nach raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach, a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus a nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus an cuntas á ullmhú, agus
- leagan amach an chuntais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

**Tuairim ar an gcuntas**

Is é mo thuairimse go léiríonn an chuntas an t-iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2014 agus na hidirbhearta don bhliain 2014 i gceart.

I mo thuairimse, choimeád Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leabhair iomchuí chuntais. Tá an cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta**

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- Nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- Gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- Go dtugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

***Tuairisc ar úsáid fháltais an Chrannchuir Náisiúnta, 2014***

Tá leagtha amach i gCaibidil 7 de mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí don bhliain 2014 an bealach cuntasaíochta ag an rialtas láir i dtaca le húsáid fháltais an Chrannchuir Náisiúnta.

**Séamus Mac Cárthaigh, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an 24 Samhain 2015**

## CUNTAS CHISTE AN CRANNCHUIR NÁISIÚNTA
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| CUNTAS AR FHÁLTAIS AGUS AR ÍOCAÍOCHTAÍ | | 2013 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faighte ó na hoibritheoirí* | 4 | | 545,300 | | 558,480 |
| Lúide: | | | | | |
| Íoctha leis na hoibritheoirí i leith: | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 290,900 | | 308,336 | |
| Speansais na n-oibritheoirí | | 55,880 | 346,780 | 60,554 | 368,890 |
| | | | 198,520 | | 189,590 |
| Ús Faighte ar Infheistíochtaí | 7 | | 64 | | 55 |
| Táille Iniúchóireachta Íoctha | | | 0 | | (8) |
| | | | 198,584 | | 189,637 |
| Aistrithe go dtí an Ciste Lárnach | 8 | | (210,000) | | (178,000) |
| Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht a aistríodh go (ó) Chúlchiste | | | (11,416) | | 11,637 |

* = Ba é Cuideachta Crannchuir Náisiúnta an Phoist oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta go dtí 29 Samhain 2014.
Thosaigh Premier Lotteries Ireland Limted mar oibritheoir ar 30 Samhain 2014 faoi cheadúnas fiche bliain.

| CUNTAS CHÚLCHISTE | | 2013 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar taisce ar 1 Eanáir | | 57,036 | 45,620 |
| Méadú/ (Laghdú) ar Infheistíocht | | (11,416) | 11,637 |
| Iarmhéid ar taisce ar 31 Eanáir | 7 | 45,620 | 57,257 |
| Lúide: | | | |
| An t-iarmhéid glan dlite do Chuideachta Crannchuir Náisiúnta an F | 9 | (30,692) | (17,172) |
| An t-iarmhéid coimeádta i leith duaiseanna éagtha stairiúla. | 10 | 0 | (16,092) |
| Dliteanas i leith Táille an Rialálaí | 11 | 0 | (132) |
| An t-iarmhéid ar fáil le dáileadh tríd an gCiste Lárnach | 8 | 14,928 | 23,861 |

Is cuid de na Cuntais seo iad nótaí 1 go 13

Liam Sloyan
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
An 21 Nollaig 2015

## NÓTAÍ DO NA CUNTASÓIRÍ

### 1. An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh i 1986, ar aghaidh i gcomhréir leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 (An tAcht"). Faoin Acht, lean an t-iaroibritheoir, Cuideachta Crannchur Náisiúnta an Phoist ("an Chuideachta"), fo-chuideachta de chuid An Post, den chrannchur a oibriú suas go dtí an 29 Samhain 2014. Ar an 30 Samhain 2014 thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI"), cuideachta chláraithe in Éirinn, ag oibriú faoi cheadúnas ("an Ceadúnas") a bhronn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an 27 Feabhra 2014. Maidir le 2014, tagraítear don chuideachta agus PLI mar na hoibritheoirí.

### 2. Ciste An Crannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste An Crannchuir Náisiúnta ("an Ciste"), a bunaíodh faoin Acht um Chrannchuir Náisiúnta Act 1986, ar aghaidh de thairbhe Alt 44 den Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013. Faoi Alt 7 den Acht, cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le héifeacht ón 17 Samhain 2014. I gcomhréir le hAlt 44 den Acht, bainistíonn agus rialaíonn an rialálaí an Ciste.

Faigheann an Ciste fáltais de chuid an Crannchuir Náisiúnta ó na hoibritheoirí, íocann suimeanna áirithe i leith teidlíochtaí na n-oibritheoirí faoi na ceadúnais, duaiseanna agus tobhach bliantúil an Rialálaí, agus aistríonn cistí, ag idirthréimhsí a chinneann an tAire, ar an Státchiste (tar éis foráil a dhéanamh do dhliteanais ionchasacha nó theagmhasacha) le cur chun feidhme chun críocha na gcuspóirí leagtha síos san Acht. I gcomhréir le clásal 6.2 den cheadúnas, oibríonn an Rialálaí cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i mBanc Ceannais na hÉireann.

### 3. Cuntais an Chiste

Sonraítear sna cuntais, na suimeanna a fuarthas agus a eisíodh i rith na bliana sin atá á n-athbhreithniú, in éineacht le hanailís ar an iarmhéid atá ann ag deireadh na bliana. Faoi Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, ní mór go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an Chiste, agus cuirfidh an Rialálaí cóip d'achomaireacht de na cuntais arna n-iniúchadh, in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

### 4. Suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí

Mar a cheanglaítear leis an Acht (Agus roimhe mar a ceanglaíodh faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta,1986), sna suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí, bhí fáltais díolacháin ticéad lúide luach saothair na ngníomhairí agus duaiseanna beaga.

### 5. Suimeanna a íocadh leis na hoibritheoirí

D'éiligh na hoibritheoirí agus íocadh leo na suimeanna a íocadh i leith duaiseanna as ticéid bhuachana (seachas duaiseanna beaga a íocann na miondíoltóirí) agus teidlíochtaí na n-oibritheoirí mar a ríomhtar iad faoi théarmaí na gceadúnas.

### 6. Anailís ar na suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí agus ar na suimeanna a íocadh leo.

Tá anailís ar na suimeanna a fuarthas ó na hoibritheoirí agus ar na suimeanna a íocadh leo anseo thíos:-

| | *Cuideachta Crannchuir Náisiúnta an Phoist (go dtí an 29 Samhain 2014)* | *Premier Lotteries Ireland Limited (ón 30 Samhain 2014)* | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faighte ó na hoibritheoirí | 534,185 | 24,295 | 558,480 |
| Íoctha leis na hoibritheoirí i leith: | | | |
| Duaiseanna | 268,385 | 39,951 | 308,336 |
| Speansais na n-oibritheoirí | 57,323 | 3,231 | 60,554 |
| | 208,477 | (18,887) | 189,590 |

**7. Infheistíochtaí an Chiste**

Coimeádtar airgead an Chiste ar fad i gcuntas taisce i mBanc Ceannais na hÉireann. Ríomhtar an t-ús go laethúil agus íoctar dhá uair in aghaidh na bliana é. Ag deireadh na bliana ba é €36,015 an méid úis a fabhraíodh agus nár íocadh.

**8. Aistrithe go dtí an Ciste Lárnach**

Tar éis foráil a dhéanamh do dhliteanais reatha an Chiste agus do dhliteanais ionchasacha nó theagmhasacha, déanann an Rialálaí socruithe maidir le haistrithe cistí i gcaitheamh na bliana, ag idirthréimhsí a chinneann an tAire, ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an Ciste Lárnach. Bíonn vóta san tOireachtas, trí phróiseas na Meastachán bhliantúla, ar dháileadh airgead an Chiste Lárnaigh ar thairbhithe, agus eisítear airgead i gcaitheamh na bliana agus déantar cuntas air sna Cuntais Leithreasa.

**9. An tIarmhéid Glan dlite do Chuideachta Crannchuir Náisiúnta an Phoist ("an Chuideachta")**

Rinneadh na haistrithe idir an Chuideachta agus Ciste An Crannchuir Náisiúnta, a bhfuil cur síos orthu i Nótaí 4 agus 5 thuas, ar bhonn lá go lá suas go dtí an 29 Samhain 2014 (an dáta ar scoir an Chuideachta den Chrannchur Náisiúnta a oibriú), bunaithe ar an suíomh airgid.

Tar éis d'iniúchadh bliantúil ar an gCuideachta a bheith críochnaithe, ina ndearnadh foráil do chostais a bhain le foirceannadh oibríochtaí faoina ceadúnas, ba é €17.172m an t-iarmhéid measta dlite don Chuideachta ag deireadh na bliana. I ndiaidh dheireadh na bliana tá sonrasc curtha ag an gCuideachta chuig an gCiste i leith na gcostas a d'eascair.

**10. An t-iarmhéid coimeádta i leith duaiseanna éagtha stairiúla.**

Ag deireadh na bliana, aithnítear suim de €16,091,653 mar shrian ar na cistí atá ar fáil le dáileadh. Is suim í seo i leith duaiseanna éagtha a eascraíonn as an iar-cheadúnas leis an gCuideachta.

Tá srian ar fháil ar na cistí seo chun iad a dháileadh, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le dliteanas i leith na suime sin. Tá an cinneadh faoi réir comhairliúchán leanúnach an Rialálaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an oibritheoir reatha.

**11. Dliteanas i leith Táille an Rialálaí**

I gcomhréir leis an Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013, foráiltear faoin gceadúnas d'íocaíocht trí PLI de thobhach bliantúil leis an Rialálaí chun íoc as speansais a thabhaigh an Rialálaí. Asbhaintear na suimeanna sin ó íocaíochtaí le PLI agus coimeádtar sa Chiste iad le híoc leis an Rialálaí. Tá suim de €131,507 dlite don Rialálaí i leith na tréimhse ó thosach an cheadúnais nua (an 30 Samhain 2014) go dtí an 31 Nollaig 2014.

**12. Iarmhéid glan le Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI")**

Ag deireadh na bliana, ní raibh aon dliteanas ar an gCiste le hoibritheoir reatha PLI. Bhí suimeanna áirithe iníoctha ag PLI leis an gCiste. D'aisíoc PLI suim de €1,962,802 i Samhain 2015. Tá suimeanna eile á bplé faoi láthair. Ní aithnítear na suimeanna seo i gcuntais 2014 toisc go gcuirtear na cuntais i láthair ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, seachas aitheantas do dhliteanais an Chiste. Tá cinneadh maidir leis na suimeanna atá dlite ó PLI faoi réir cainteanna leanúnacha idir an Rialálaí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus PLI.

**13. Faomhadh Chuntas Chiste An Crannchuir Náisiúnta**

D'fhaomh an Rialálaí ar an 21 Nollaig 2015 Cuntas Chiste An Crannchuir Náisiúnta i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014.